Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2022
(OR. en)

11192/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0204(COD)**

**CODEC 1116**
**TRANS 489**
**RELEX 987**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta sonracha sealadacha, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, a bhaineann le doiciméid tiománaithe arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir lena reachtaíocht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse ocht seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 21 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún agus chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 7 Iúil 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 10429/22.
[2] 11181/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 45/22 é, a fhormheas mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

- a mhaolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.